# Glór Uí Néill

**Eagrán: Téarma 3 – 2017**

## Foireann Eagarthóireachta Rang 6
## *Primary 6 Editorial Team*



**Na hEagarthóirí/The Editors**: Brian Óg, Eoin, Cailum, Conor



**Na Grianghrafadóirí/The Photographers**: Jay, Mícheál, Canice, Caitlin, Rhiannon, Tiarnán, Críostóir

Dia daoibh a thuismitheoirí, rinne daltaí Rang 6 Glór Uí Néill an téarma seo, le cuidiú ón mhúinteoir. Shocraigh muid ar na hábhair, ghlac muid cuid de na grianghraif, d'oibrigh muid ar an leagan amach agus chuidigh muid le cuid de na hailt. Tá súil againn go mbaineann sibh sult as an iris agus go bhfaigheann sibh blas den méid grinn a bhí againn sa tríú téarma de 2017. Samhradh sona!

*Hello parents, this term's Glór Uí Néill was produced by the Primary 6 pupils, with a bit of help from our teacher. We decided on the content, took some of the pictures, worked on the layout and helped with some of the articles. We hope you enjoy the magazine and get a little taste of how much fun we have had in the third term of 2017. Happy summer!*



**Na Dearthóirí/The Designers**: Daithí, Emily, Lucy, Áine, Grace,



**Na hIriseoirí/The Journalists**: Callum, Lughaidh, Caoimhín Barra, Katie

**Má Théann tú Síos chuig an Choill Inniu**

***If You Go Down to the Woods Today***



Thug páistí na Naíscoile a dteidithe ar scoil do thuras speisialta ar Phicnic na mBéar.
Coimhéad amach don dá bhéar mhóra, scanrúla ag an chúl, a pháistí, Irene & Siobhán!
Naíscoil pupils brought their teddies to school for a special trip on Teddy Bears' Picnic.
Look out for those two big, scary bears at the back, children, Irene and Siobhán!



## Bíonn Rudaí Beoga leis na Páistí Óga
### *Having Fun in Primary 1*










Ag déanamh… ag fás… ag tógáil… ag sórtáil… ag súgradh… ag gáire… ag forbairt… AG FOGHLAIM! Making … growing… building… sorting… playing… laughing… developing… LEARNING!






**Nach Raibh a Fhios Agat, Níl a Leithéid de Rud ann mar Gharbhán**

***Didn't You Know, There's No Such Thing as a Gruffalo***







Tá cuid mhór leabhar páistí den scoth scríofa ag Julia Donaldson agus tá An Garbhán ar cheann de na scéalta is fearr atá scríofa aici. Bhuail daltaí Rang 1 agus 2 le daltaí ó Bhunscoil an Traonaigh, Lios na Scéiche, ar turas chuig Iontaobhas Speedwell agus chuaigh siad Sa Tóir ar an Gharbhán. Shíl cuid de na páistí gurb é Conor an Garbhán gléasta suas, ach ní hé a bhí ann – níl bréag-éadaí de dhíth ar Conor le heagla a chur ar ma páistí!

*Julia Donaldson has written many amazing books for children and one of the favourites throughout the school is The Gruffalo. P1 and 2 pupils joined the pupils from Bunscoil an Traonaigh, Lisnaskea, for a trip to Speedwell Trust and went on the Trail of the Gruffalo. Some of the children thought the Gruffalo was Conor dressed up, but it wasn't – he doesn't need a costume to scare the children!*



Cá bhfuil an Garbhán?
Where is the Gruffalo?



Sin é, tá sé ina chodladh.
There he is, he's sleeping.

## Téimis ag Babhláil

## *Let's Go Bowling*







Bhí cuid mhór turas scoile ann an téarma seo a bhain le hobair Thopaice na ndaltaí, dá bharr sin, nuair a tháinig an tríú téarma faoi dheireadh thiar thall bhí na páistí réidh do shó agus do spórt. Thug Rang 3 agus 4 aghaidh ar an tsólann ar an Chorr Chríochach do chluiche bollaí agus lean siad sin le scléip agus spraoi sa Play Shack. An raibh a fhios agat go síltear go dtagann an focal 'shak' ón fhocal teach i nGaeilge? Fadó fadó bhí Gaeilgeoirí chomh bocht sin gur raibh cuma uafásac ar na tithe sin go ndeachaigh an focal teach isteach sa Bhéarla mar 'shack' mar gheall ar an chuma a bhí orthu.

*There have been many school trips this year related to the children's topic work, so when the third term finally arrived all the children were ready to let their hair down and have a bit more fun. Primaries 3 and 4 headed to Cookstown Leisure Centre for a game of bowling and followed it up with a good run around in The Play Shack. Did you know that the word shack is thought to come from the word Teach in Irish, which means house. Long ago, Irish- speakers were so poor that their houses looked dishevelled and run down and the word 'teach' became the word shack in English because of their appearance!*







**Marcanna is Fearr do Rang 4**

***Top Marks for P4***





Chuir an Chéad Chomaoineach Naofa smaoineamh chun tosaigh i Rang 4 faoi pháistí eile ar fud an domhain, páistí b'fhéidir nach bhfuil chomh amharach céanna le cuid mhaith de na páistí atá in gcónaí abhus anseo in Éirinn. Spreag an smaoineamh seo iad chun dóigheanna a fiosrú ina dtiocfadh leo cuidiú le cuid de na páistí seo. Bhuail an idé iad go ndéanfadh siad leabharmharcanna agus go ndíolfadh siad iad ar £2 an ceann. Chuaigh siad i mbun gnímh agus thosaigh siad ar leabharmharcanna le náthanna cainte orthu a shólathar. Bhí dúil ar leith acu san náth cainte 'Is fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste' . Is amhlaidh mar atá ach is mion minic a bhíonn Gaeilge Rang 4 clista ná briste i mbliana. Bhí sprioc acu le £100 a thiomsú agus sháraigh siad sin agus fuair siad £120, a rachaidh go Trócaire. Míle buíochas leis na tuismitheoirí uilig a thacaigh leis an fhiontar seo.

*First Holy Communion got the children thinking about other children around the world, children who are perhaps not as fortunate as many of the children that live here in Ireland. This inspired them to explore ways that they could help some of these children and they came up with the idea of making bookmarks and selling them to parents at £2 each. The production lines rolled into gear and the children started making their bookmarks, which included sayings and proverbs in Irish. One proverb they particularly liked was 'Broken Irish is better than Perfect English'. This is certainly true, but in this year's P4 class the Irish is more often perfect than broken. Their target was £100 but they surpassed this and raised £120, which will go to Trócaire. Thanks to all the parents who supported this project.*



**Seachtain Sárfhoghlama**

***Super Learning Week***



Bhí an chéad Seachtain Sárfhoghlama s'againn thar barr. Bunaithe ar an Domhan sa Ghrianchóras, bhí baint ag gach dalta sa scoil le turas chuig W5, an Pláinéadlann, tochailt seandálaíochta agus Toraíocht Spáis thart ar an scoil a bhí lán spraoi. Má tá smaointe ar bith agat do Sheachtain Sárfhoghlama an bhiain seo chugainn, abair linn le do thoil!

*Our first ever Super Learning Week was out of this world. Based on the theme of Earth and The Solar System, all pupils were involved with a trip to W5, the Planetarium, an archaeological dig and a fun-filled Space Trail around the school. If you have any ideas for next year's Super Learning Week, let us know!*





## Cuir Scaird Orm
### *Jet Setters*



*Chuaigh Ranganna 5 – 7 chuig an Scaird-ionad do thuras dheireadh nab liana. Bhí sé dochreidte ag cuid de na páistí i Rang 7 gur glacadh iad ar turas neamh-oideachasúil, a a raibh 'spraoi' ann mar sprioc leis. Coimhéad an spás seo do spórt de gach sórt an bhliain seo chugainn.*

*Primaries 5 – 7 went to the Jet Centre for their end of year trip. Some of the children in P7 couldn't believe their eyes when they were taken on a non-educational, 'fun' trip. Watch this space – more fun to come next year.*

## Hí Há - Carnabhal
### *Yee Haa – It's Carnival Time*

Bhí lá iontach ag Ranganna 4 – 7 ag bualadh le piaranna Gaeilge s'acu ó Ghaelscoil Eoin do Charnabhal na Gaelscolaíochta ar an Chorr Chríochach. Le marcaíocht tarbh, dúshláin inséidte, karate, cluichí foirne agus aonair, damhsa Gaelach agus i bhfad eile, bhí lá an deas ann. Comhghairdeas do Chalum as mairstin 1 bom 59 soic ar an tarbh agus do Rónán agus Áine as cuid mhór Gaeilge a labhairt.



*Primaries 4 to 7 had a wonderful day joining up with their Irish-speaking peers from Gaelscoil Eoin for Irish Carnival in Cookstown. With bull-riding, inflatable challenges, karate, team and individual games, Irish dancing and much, much more, it was a really enjoyable day. Congratulations to Calum for staying on the bull for 1 minute, 59 seconds and to Áine and Rónán who were awarded prizes for speaking the most Irish!*

## Slán le Rang 7 de Bhliain 17
## *Goodbye Class of 17*



Bíonn deireadh mhí an Mheithimh i gcónaí brónach agus muid ag fágáil slán lenár gcairde i Rang 7. Coinníodh gnoitheach iad le seó iontach dheireadh na bliana, Tá Talann ag Rang 7, turas chuig an Chósta ó Thuaidh, Dinnéar Slán agus an ceann is mó rachairt, an Dúshlán le Carr Conor a Chlúdach le Páipéar Leithris!

*The end of June is always a sad time as we say Slán to our P7 friends. They were kept busy to take their mind off their final days with an amazing end of year show, P7's Got Talent, a trip to the North Coast, Farewell Dinner and the ever-popular cover Conor's Car with Toilet Roll Challenge!*





Slán a chairde: Rhiannon, Medbh, Mollie, Éireann, Aoibhinn, Aoife, Deirbhile, Dneisha, Aoibheann, Sarah Jane, Niamh, Aaron, Seón Óg, Paul, Calum, Daithí, Damien, Dáire Mícheál agus Clare.






## Leathanach na dTuismitheoirí / Leathanach Spraoi
## *Parents' Page / Fun Page*




Míle buíochas do Bhrathadóirí áitiúil agus Daideo Scoile Doiminic, pictiúraithe anseo lena laoch Eoghan Rua Ó Néill, a d'eagraigh dhá lá seandálaíochta iontacha do dhaltaí R6 agus 7. Comhghairdeas fosta do Shíle don ráth uile-Éireannach s'aici leis na dairteanna ar Fhoireann na mBan Thrí Chontaetha.

*A special go raibh maith agat to local Detectorist and School Grandpa Dominic, pictured here with his hero Eoghan Roe O'Neill, who, once again, organised two fantastic archaeological days for the P6 and 7 pupils. Congratulations also to Sheila for All-Ireland darts success with the Three-Lady Counties Team.*

### Cuardach Focal / Word Search

Bhí an Spás ina théama mór an téarma seo. Bain triail as an chuardach focal seo, an dtig leat ainmneach na bpláinéad i mBéarla a oibriú amach ón Ghaeilge?

*A main theme this term has been Space. Try your hand at this word search, can you work out the names of the planets in English from the Irish?*

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | O | L | R | U | M | Ú | R | Y | S |
| V | C | E | J | V | H | D | D | G | A |
| É | I | K | D | O | M | H | A | N | T |
| I | U | T | H | B | A | P | I | É | A |
| N | Ú | M | E | A | R | C | Á | I | R |
| E | R | P | G | N | S | H | R | P | N |
| A | A | R | A | C | Y | Á | K | T | L |
| S | N | E | F | T | U | D | S | I | R |
| Q | A | É | D | A | A | F | X | Ú | M |
| Y | S | W | S | T | U | R | P | N | E |

DOMHAN
MARS
MEARCÁIR
SATARN
IÚPATAR
VÉINEAS
ÚRANAS
NÉIPTIÚN

Cuideoidh an neamónach seo leat ord na pláinéad ón ghrian a chuimhniú.

***M**húscail **v**aimpír **d**heas **m**ar **i**theann sé **ú**lla **n**imhiúla.*

*This mnemonic will help you remember the order of the planets.*

***M**y **v**ery **e**ager **m**other **j**ust **s**erved **u**s **n**oodles.*

## Feasacht na mBodhar
### *Deaf Awareness*






Is minic go ndéanaimid dearmad gur féidir linn dhá theanga a chloisteáil agus a labhairt, ach cén dóigh a ndéanann daoine atá bodhar cumarsáid? An téarma seo, rinne daltaí R6 agus 7 freastal ar shaotharlann a d'ardaigh feasacht ar na bodhair. D'fhoghlaim siad an dóigh lena n-ainmneacha a litriú agus cúpla comhartha coitianta. Úsáid an cháirt thíos le d'ainm féin a litriú.

*We often take the fact that we can hear and speak two languages for granted, but how do deaf people communicate? This term, pupils from P6 and 7 attended a Deaf Awareness Workshop and showed great interest in sign language. They learned to spell their names and also learned a few common signs. Use the fingerspelling alphabet here to learn how to spell your name.*




Aibítir Mhéarlitrithe

## An Chéad Chomaoineach Naofa
### *First Holy Communion*



Bíonn an Chéad Chomaoineach Naofa i gcónaí speisialta agus is amhlaidh mar a bhí arís i mbliana. Leis na páistí ina gcultacha agus gúnaí galánta, an ceol, an tseirbhís féin, cairde agus clan, an ghrian ag soilsiú agus, gan dearmad a dhéanamh ar arán sóide Marie ar ais sa scoil, bhí lá den scoth ann arís. Míle buíochas arís don Mhonsíneoir Réamonn agus an Canóinon Benny as cuidiú linn lá iontach a dhéanamh de do chách.

*First Holy Communion is always a special day and this year was no exception. With the children in their beautiful suits and dresses, the music, the ceremony, family and friends, the sun shining and, not to forget, Marie's delicious soda bread back at the school, it was another fantastic day. Thank you once again to Monsignor Raymond and Father Benny for helping us make the day such a wonderful experience for all.*



## Duais Speisialta do Dhalta Cineálta
### *A Special Prize for a Kind Pupil*



Cé go bhfuil croí mhór chineálta ag gach uile dalta i Rang 7 i mbliana, d'aontódh siad uilig gur sheas Mícheál amach dá chroí mhór, chuidiúil. Lonraigh a chineáltas, múineadh agus cairdeas do gach duine ón chéad lá sa scoil agus, i mbliana, roghnaíodh é le Duais an tSiúr Magdalene don Chineáltas a fháil. Bulaí fir a Mhíchil.

*While each and every child on this year's Primary 7 has been kind-hearted over the years, they would all agree that Mícheál has stood out as being particularly warm-hearted and helpful. His kindness, politeness and friendship to all has shone from day one in the school and, this year, he was selected to receive the Sister Magdalene Award for Kindness. Maith thú a Mhíchil.*

## Buaiteoirí / Prizewinners

Réaltaí Spóirt / *Sports Stars*: R1 Caelah, R2 Saoirse Ní, R3 Tiarna, R4 Ceallagh, R5 Molly, R6 Áine, R7 Aoibheann.



Comhghairdeas do/*Congratulations* Críostóir don snámh le 5 bhonn óir (swimming – 5 golds).

Seaimpíní Bollaí / *Bowling Champions*: Lucy, Calum, Seón Óg

Seaimpín Róidéo / *Rodeo Champion*: Calum

Fifeadóir na Scoile / Fifa Champ: Paul



Foirne de Chúigear/*Five-a-Side Winners*: Daithí, Críostóir, Cathair, Lughaidh, Jay
Buatais Órga/*Golden Boot*: Dáire
Lámhainní Órga/*Golden Gloves*: Cathair
Laochra na hImeartha/*All-stars*: Deirbhile, Paul

Rí na Fichille / *King of Chess*: Lughaidh



Cairde Fichille
*Chess Mates*



A very proud sportsman
*Fear spóirt an-bhródúil*

## Scríbhneoirí Óga na Bliana
## *Young Writers of the Year*




Bhí an scríbhneoireacht ina fócas mar chuid de Phlean Forbartha na Scoile i mbliana agus seo thíos Óg-scríbhneoirí na Bliana:
*Writing has been a focus of the School Development Plan this year and our Young Writers of the Year are:*

- Rang 1 Luárán
- Rang 2 Cara Fhionn
- Rang 3 Cormac
- Rang 4 Ellie Mai
- Rang 5 Nathan
- Rang 6 Rhiannon
- Rang 7 Aoibheann

Seo thíos míniúchán scríofa i nGaeilge ag Rhiannon mar chuid de thopaic ranga ar Spás.
*Below is an explanation text written in Irish by Rhiannon as part of the class topic on Space.*

| **Cad é mar a tharlaíonn lá, oíche agus na séasúir?** | ***How do day, night and the four seasons occur?*** |
|---|---|
| Tá ocht bpláinéad inár ngrianchóras. Is é an Doman an tríu ceann ar shiúl ón ghrian. | *There are eight planets in our solar system. The Earth is the third planet from the sun.* |
| Cuirimid 'An Pláinéad Gorm' ar an Domhan mar gheall ar an dath atá air. Nuair atá an ghrian ag amharc ar thaobh amháin den Domhan, an taobh sin bíonn an lá ann agus an taobh nach bhfuil an ghrian ag soilsiú air, bíonn an oíche ann. Bíonn an Domhan ag rothlú ar an ais s'aige thart ar an ghrian. | *We call the Earth 'The Blue Planet' because of its colour. When the sun is directed toward one side of the Earth, daytime occurs on that side of the Earth and on the side that does not receive rays from the sun, it is night time. The Earth rotates on its axis around the sun.* |
| Tarlaíonn na séasúir mar go mbíonn an Domhan ag fithisiú na gréine. Tá an Domhan claonta ar an ais s'aige agus nuair atá muid claonta i dtreo na gréine, bíonn an aimsir níos teo. Nuair atá muid claonta ar shiúl ón ghrian, bíonn sé níos fuaire. | *The seasons occur because the Earth rotates around the sun. The Earth is inclined on its axis and when the Earth is inclined towards the sun, the weather is warmer. When we are inclined away from the sun, the weather is colder.* |
| Tá an Domhan scartha ina dhá leath: an leathsféar thuaidh agus an leathsféar theas. Nuair a bhíonn an samhradh ann sa leathsféar thuaidh, bíonn an geimhreadh ann sa leathsféar theas. | *The Earth is divided into two hemispheres: the northern hemisphere and the southern hemisphere. When it is summer in the northern hemisphere, it is winter time in the southern hemisphere.* |





## Léigh an Bealach ar fad chuig an Ghealach
### *Read All the way to the Moon*



An raibh a fhios agat go bhfuil an Domhan 238,900 míle ar shiúl ón ghealach? Thug Mary ón leabharlann an fhíric shuimiúil sin dúinn nuair a bhuail sí isteach le Dúshlán Léitheoireachta na Leabharlainne a fhógairt do na páistí. Ar fud na Sé Chontaethe, tá an dúshlán ann le 238,900 leabhar a léamh thar an samhradh. Buaileann na daltaí s'againn le dúshlán léitheoireachta an tsamhraidh agus tá súil again go dtéann neart ar an aistear léitheoireachta fada sin.

*Did you know that it is 238,900 miles from the Earth to the moon? That interesting fact was brought to us by Mary from the library who, once again, called into school to inform the children about this summer's Library Reading Challenge. Across the North of Ireland, the challenge has been set to read 238,900 books over the summer. Our pupils always rise to the summer reading challenge and we hope that as many children as possible reach for the stars and add quite a few miles to the long reading journey ahead.*

## Corn Bhreac an Bhille

Bíonn cúrsaí spóirt lárnach do shaol na scoile agus is maith linn buanna na ndaltaí i ngach gné den sport a cheiliúradh. Comhghairdeas do Bhreac an Bhile ar an bhua s'acu i mbliana. Tá muid bródúil go bhfuil triúir de na príomh-imreoirí s'acu sa scoil, Críostóir, Dáire agus Cailum a thug an Corn ar scoile chun é a thaispeáint thart ar na ranganna. Amharc ar an ghréim atá ag Dáire ar an chorn trom, is cosúil go bhfuil sé de rún acu gréim láidir a choinneáil air an bhliain seo chugainn chomh maith!

*Sport is an essential element to the life of the school and we like to celebrate the children's successes in all sporting spheres. Congrats to Brackaville for their success this year. We boast three of their star players, Críostóir, Dáire and Cailum who brought the Cup in this term to show it off around the school. Dáire's grip on the heavy trophy shows that they will not give it up easily next year!*



## An Leathanach Cúil
### *The Back Page*





In ainneoin aimsir na hÉireann, bhí babhta eile do laethanta spóirt ráthúla againn, idir thirim agus fhliuch. Bhí maidin dheas ag an mhuintir óga ar pháirc na scoile agus chuaigh an chuid eile den scoil chuig Páirc Uí Rathaille. Bhí an chéad Rás Tuistí/Múinteoirí again, a bhain na tuismitheoirí (cá raibh Páraic) agus an chéad Ghala snámha. Comhghairdeas do na Bradáin, d'fhóir an t-ainm dóibh le 9 bonn óir idir Gráinne agus Críostóir.

*Despite the Irish summer weather, we had another round of successful sports days, both dry and wet. Naíscoil pupils enjoyed theirs on the school playing field while the rest of the school had a great day in Rahilly's. We had our first Teachers/Parents Race, which the parents won (where was Páraic when we needed him) and also our first ever Gala na Gaelscoile. Congratulations to the Salmons, they certainly lived up to their name in the water with a total of 9 gold medals between Gráinne and Críostóir.*

